BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Tríú Dlísheomra)

18 Nollaig 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Dámhachtain conarthaí poiblí – Soláthar measctha lena mbaineann gnéithe cosanta – Seirbhísí a bhaineann go díreach le trealamh míleata – Treoir 2009/81/CE – Treoir 2014/24/AE – Treoir is infheidhme a chinneadh – Critéir dámhachtana conartha – An tríú domhír d'Airteagal 67(2) – Toirmeasc ar an bpraghas a úsáid mar an t-aon chritéar dámhachtana – Comhréireacht – Conarthaí poiblí seirbhísí dlúthshaothair)

I gCás C-769/23,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE ón Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil), trí bhreith an 5 Nollaig 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 13 Nollaig 2023,

sna himeachtaí

Mara Soc. coop. arl

v

Ministero della Difesa,

Gruppo Samir Global Service Srl,

tugann AN CHÚIRT (an Tríú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, O. Spineanu-Matei, S. Rodin, N. Piçarra agus N. Fenger, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: R. Norkus,

Cláraitheoir: G. Chiapponi, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 30 Aibreán 2025,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Mara Soc. coop. arl, ag A. Clarizia, M. Pagliarulo agus P. Ziotti, avvocati,

– Gruppo Samir Global Service Srl, ag L. Tozzi, avvocato,

* Teanga an cháis: an Iodáilis.

– Rialtas na hIodáile, ag S. Fiorentino agus G. Palmieri, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó C. Pluchino, avvocato dello Stato,

– Rialtas na Fraince, ag R. Bénard, B. Fodda agus M. Guiresse, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag C. Biz, L. Malferrari agus G. Wils, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 10 Iúil 2025,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo le léiriú Airteagail 49 agus 56 CFAE, Airteagal 67(2) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO 2014 L 94, lch. 65), arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/1952 ón gCoimisiún an 10 Samhain 2021 (IO 2021 L 398, lch. 23) ('Treoir 2014/24'), chomh maith le prionsabal na comhréireachta.

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Mara Soc. coop. arl agus an Ministero della Difesa (an Aireacht Cosanta, an Iodáil) agus Gruppo Samir Global Service Srl ('Samir') maidir le conradh seirbhíse a dhámhachtain chun críocha arm na hIodáile.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 2009/81/CE

3 Foráiltear le haithrisí 4, 6 go 9, 16, 17, 20 agus 27 de Threoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú na nósanna imeachta um dhámhachtain i dtaca le conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse a dhéanann údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha i réimse na cosanta agus na slándála, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO 2009 L 216 lch. 76):

'(4) Chun margadh Eorpach um threalamh cosanta a chruthú, ní mór creat reachtach iomchuí a bhunú. I réimse an tsoláthair, chuige sin, is gá nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí a chomhordú ar mhaithe le ceanglais slándála na mBallstát agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an gConradh a chomhlíonadh.

[...]

(6) Fágann comhordú níos fearr na nósanna imeachta um dhámhachtain, amhail conarthaí maidir le seirbhísí lóistíochta nó iompair agus stórála, go bhféadfaí costais in earnáil na cosanta a laghdú agus tionchar na hearnála ar an gcomhshaol a laghdú go mór.

(7) Ba cheart go léireodh na nósanna imeachta sin cur chuige iomlán an Aontais [Eorpaigh] i leith na slándála, a fhreagraíonn d'athruithe sa timpeallacht straitéiseach. Go deimhin, mar thoradh ar theacht chun cinn bagairtí neamhshiméadracha agus trasnáisiúnta, rinneadh an teorainn idir slándáil sheachtrach agus inmheánach, mhíleata agus neamh-mhíleata níos doiléire de réir a chéile.

(8) Tá trealamh cosanta agus slándála ríthábhachtach do shlándáil agus do cheannasacht na mBallstát agus do neamhspleáchas an Aontais araon. Mar thoradh air sin, is minic a bhíonn ceannacháin earraí agus seirbhísí in earnálacha na cosanta agus na slándála íogair.

(9) Bíonn ceanglais shonracha mar thoradh air sin, go háirithe i réimsí shlándáil an tsoláthair agus shlándáil na faisnéise. Baineann na ceanglais sin go háirithe le soláthar arm, armlóin agus ábhar cogaidh, chomh maith le seirbhísí agus oibreacha a bhaineann go díreach leo, atá beartaithe do na fórsaí armtha [...]

[...]

(16) [F]éadfar dámhachtain conarthaí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo a dhíolmhú má tá bonn cirt leis ar fhorais na slándála poiblí nó má tá sé riachtanach chun leasanna bunúsacha slándála Ballstáit a chosaint. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás conarthaí i réimsí na cosanta agus na slándála araon lena n-éilítear an leibhéal sin ceanglais maidir le slándáil an tsoláthair nó i gcás ina bhfuil rúndacht agus/nó tábhacht don cheannasacht náisiúnta de chineál a fhágann nach leor fiú forálacha sonracha na Treorach seo chun leasanna bunúsacha slándála na mBallstát a choimirciú [...]

(17) I gcomhréir le cásdlí Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach, áfach, ba cheart an fhéidearthacht dul ar iontaoibh maoluithe den sórt sin a léiriú ar bhealach nach leathnóidh a n-éifeachtaí thar a bhfuil fíor-riachtanach chun na leasanna dlisteanacha a chosnaítear leis na hAirteagail sin a chosaint. Dá bhrí sin, ba cheart neamhchur i bhfeidhm na Treorach seo a bheith comhréireach leis na haidhmeanna atá á saothrú agus ba cheart dó cur isteach a laghad is féidir ar shaorghluaiseacht earraí agus ar an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar.

[...]

(20) […]

Ina theannta sin, tugtar an deis do na Ballstáit conarthaí i réimsí na cosanta agus na slándála a dhíolmhú ó fhorálacha na Treorach seo dá gcuirfeadh cur i bhfeidhm na bhforálacha sin d'oibleagáid orthu faisnéis a sholáthar a mheasann siad go mbeadh nochtadh na faisnéise sin contrártha do leasanna bunúsacha a slándála. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh go háirithe i gcás ina bhfuil conarthaí chomh híogair sin nach mór an fhíric gurb ann dóibh a choinneáil faoi rún.

[...]

(27) I réimse na cosanta agus na slándála, tá roinnt conarthaí chomh híogair sin go mbeadh sé míchuí an Treoir seo a chur i bhfeidhm, in ainneoin a sainiúlachta. Is amhlaidh atá i gcás soláthairtí arna soláthar ag seirbhísí faisnéise, nó soláthairtí le haghaidh gach cineál gníomhaíochta faisnéise, lena n-áirítear gníomhaíochtaí frithfhaisnéise, mar a shainíonn na Ballstáit. Is amhlaidh atá freisin i gcás ceannacháin an-íogair eile, a bhfuil rúndacht an-ard ag teastáil ina leith, amhail ceannacháin áirithe chun teorainneacha a chosaint nó chun an

sceimhlitheoireacht nó an choireacht eagraithe a chomhrac, ceannacháin atá nasctha le criptiú nó go sonrach le haghaidh gníomhaíochtaí rúnda nó gníomhaíochtaí eile atá chomh híogair céanna arna ndéanamh ag na póilíní nó ag na fórsaí slándála.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 1 den Treoir sin, dar teideal 'Sainmhínithe':

'Chun críocha na Treorach seo beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

1. Ciallaíonn "Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar" (Common Procurement Vocabulary, CPV): an ainmníocht tagartha is infheidhme maidir le conarthaí arna ndámhachtain ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis chonarthacha, arna glacadh le Rialachán (CE) Uimh. 2195/2002 [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 maidir leis an Stór Focal Comhchoiteann um Sholáthar (CPV) (IO 2002 L 340, lch. 1)];

[...]

6. Cialaíonn "Trealamh míleata" trealamh atá deartha nó oiriúnaithe go sonrach chun críoch míleata, atá beartaithe lena úsáid mar arm, armlón nó ábhar cogaidh;

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 2 den Treoir sin, dar teideal 'Raon feidhme' mar seo a leanas:

'[...] [B]eidh feidhm ag an Treoir seo maidir le conarthaí arna ndámhachtain i réimsí na cosanta agus na slándála chun na gcríoch seo a leanas:

(a) soláthar trealaimh mhíleata, lena n-áirítear páirteanna, comhpháirteanna agus/nó fochóimeálacha;

(b) soláthar trealaimh íogair, lena n-áirítear páirteanna, comhpháirteanna agus/nó fochóimeálacha;

(c) oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí a bhaineann go díreach le trealamh dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) ar feadh a shaolré ar fad nó ar feadh cuid di;

(d) oibreacha agus seirbhísí atá beartaithe chun críoch míleata go sonrach nó oibreacha agus seirbhísí íogaire.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 3 den Treoir sin, dar teideal 'Conarthaí measctha':

'1. Dámhfar conradh arb é is cuspóir dó oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí a thagann faoi raon feidhme na Treorach seo agus a thagann go páirteach faoi raon feidhme Threoir 2004/17/CE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta soláthair de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair

agus na seirbhísí poist (IO 2004 L 134, lch. 1)] nó Threoir 2004/18/CE [ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le comhordú na nósanna imeachta um dhámhachtain i dtaca le conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí (IO 2004 L 134, lch. 114)] is i gcomhréir leis an Treoir seo, ar choinníoll go bhfuil bonn cirt le conradh aonair a dhámhachtain ar chúiseanna oibiachtúla.

[...]

3. Ní fhéadfar, áfach, an cinneadh a dhéanamh conradh aonair a dhámhachtain d'fhonn conarthaí a dhíolmhú ó chur i bhfeidhm na Treorach seo, Threoir 2004/17/CE nó Threoir 2004/18/CE.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/81, dar teideal 'Seirbhísí dá dtagraítear in Airteagail 2 agus 15', 20 catagóir seirbhísí, a bhfuil uimhreacha tagartha CPV 63100000-0 go 63111000-0, 63120000-6 go 63121100-4, 63122000-0, 63512000-1 agus 63520000-0 go 6370000-6 sa deichiú catagóir díobh, dar teideal 'Seirbhísí tacaíochta agus cúnta iompair'. De réir Rialachán Uimh. 2195/2002, arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 213/2008 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2007 (IO 2008 L 74, lch. 1), comhfhreagraíonn uimhreacha tagartha CPV 63100000 -0 agus 63110000-3, faoi seach, do 's[h]eirbhísí láimhseála agus stórála lasta' agus do 's[h]eirbhísí láimhseála lasta'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Treoir 2014/24

8 Foráiltear seo mar a leanas le haithrisí 89, 90 agus 92 de Threoir 2014/24:

'(89) [...] Chun mearbhall a sheachaint leis an gcritéar dámhachtana dá ngairtear 'an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch' faoi láthair i dTreoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE, ba cheart téarmaíocht dhifriúil a úsáid chun tagairt a dhéanamh don choincheap sin, eadhon an "cóimheas is fearr idir praghas agus caighdeán". Dá bhrí sin, ba cheart é a léiriú i gcomhréir leis an gcásdlí a bhaineann leis na Treoracha sin, ach amháin i gcás ina bhfuil réiteach atá éagsúil go soiléir agus go hábhartha sa Treoir seo.

(90) Ba cheart conarthaí a dhámhachtain ar bhonn critéir oibiachtúla lena n-áirithítear comhlíonadh phrionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne, d'fhonn a áirithiú go ndéanfar comparáid oibiachtúil idir luach ábhartha na dtairiscintí chun a chinneadh, i ndálaí iomaíochta éifeachtaí, cén tairiscint a bhfuil an ceann is buntáistí go heacnamaíoch. Ba cheart a leagan amach go sainráite nach mór an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch a mheasúnú ar bhonn an chóimheasa is fearr idir praghas agus caighdeán, ar cheart gné praghais nó caighdeán a bheith san áireamh ann i gcónaí. Ba cheart a shoiléiriú freisin go bhféadfaí measúnú den sórt sin ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch a dhéanamh freisin ar bhonn praghais nó costéifeachtachta amháin. [...]

Chun díriú níos mó ar chaighdeán i gcás soláthar poiblí a spreagadh, ba cheart cead a bheith ag na Ballstáit úsáid an phraghais amháin nó an chostais amháin a thoirmeasc nó a shrianadh chun measúnú a dhéanamh ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch i gcás ina measann siad gurb iomchuí sin.

[...]

[...]

(92) Agus measúnú á dhéanamh acu ar an gcóimheas is fearr idir praghas agus caighdeán, ba cheart do na húdaráis chonarthacha na critéir eacnamaíocha agus cháilíochtúla a bheidh nasctha le hábhar an chonartha a úsáidfidh siad chun na críche sin a chinneadh. Dá bhrí sin, ba cheart go gceadófaí leis na critéir sin measúnú comparáideach a dhéanamh ar an leibhéal feidhmíochta arna tairgeadh ag gach tairiscint i bhfianaise ábhar an chonartha, mar a shainítear sna sonraíochtaí teicniúla. I gcomhthéacs an chóimheasa is fearr idir praghas agus caighdeán, leagtar amach sa Treoir seo liosta neamh-uileghabhálach de chritéir dhámhachtana fhéideartha lena n-áirítear gnéithe comhshaoil agus sóisialta. Ba cheart údaráis chonarthacha a spreagadh chun critéir dhámhachtana a roghnú a chuirfidh ar a gcumas oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí ardchaighdeáin a fháil a oireann go barrmhaith dá riachtanais.

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

9 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 1 de Threoir 2014/24, dar teideal 'Ábhar agus raon feidhme', faoin gcéad mhír:

'Leagtar amach leis an Treoir seo na rialacha is infheidhme maidir le nósanna imeachta soláthair ag údaráis chonarthacha a mhéid a bhaineann siad le conarthaí poiblí agus le comórtais, arb ionann nó ar mó a luach measta ná na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 4'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

10 Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 3 den Treoir sin, dar teideal 'Soláthar measctha', faoin tríú fomhír de mhír 3 de:

'I gcás ina dtagann cuid de chonradh ar leith faoi raon feidhme Airteagal 346 CFAE nó Threoir 2009/81/CE, beidh feidhm ag Airteagal 16 den Treoir seo.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

11 Faoi Airteagal 4 de Threoir 2014/24, dar teideal 'Méid na dtairseach':

'Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le soláthairtí a bhfuil a luach measta glan ó cháin bhreisluacha (CBL) comhionann leis na tairseacha seo a leanas nó níos airde ná iad:

[...]

(b) EUR 140 000 le haghaidh conarthaí soláthair agus seirbhísí poiblí arna ndámhachtain ag údarás rialtais láir agus le haghaidh comórtais deartha arna n-eagrú acu; [...]

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

12 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 15 den Treoir sin, dar teideal ‘Cosaint agus slándáil’, i mír 1 de:

‘Beidh feidhm ag an Treoir seo maidir le dámhachtain conarthaí poiblí agus comórtais deartha i réimsí na cosanta agus na slándála, cé is moite díobh seo a leanas:

(a) Conarthaí a thagann faoi Threoir 2009/81/CE;

[...]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

13 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 16 de Threoir 2014/24, dar teideal ‘Soláthar measctha lena mbaineann gnéithe cosanta nó slándála’:

‘1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le conarthaí measctha arb é is cuspóir dóibh ceannacháin a chumhdaítear leis an Treoir seo agus iad siúd a chumhdaítear le hAirteagal 346 CFAE nó le Treoir 2009/81/CE.

2. I gcás ina mbeidh na codanna éagsúla de chonradh poiblí ar leith indeighilte go hoibiachtúil, féadfaidh údaráis chonarthacha a roghnú conarthaí ar leithligh a dhámhachtain do na codanna ar leithligh nó conradh aonair a dhámhachtain.

I gcás ina roghnaíonn údaráis chonarthacha conarthaí ar leithligh a dhámhachtain le haghaidh codanna ar leithligh, déanfar an cinneadh a bhfuil feidhm ag a chóras dlí maidir le haon cheann de na conarthaí ar leithligh sin ar bhonn shaintréithe na coda ar leithligh lena mbaineann.

I gcás ina roghnaíonn údaráis chonarthacha conradh aonair a dhámhachtain, beidh feidhm ag na critéir seo a leanas chun an córas dlí is infheidhme a chinneadh:

(a) i gcás ina dtagann cuid de chonradh faoi raon feidhme Airteagal 346 CFAE, féadfar an conradh a dhámhachtain gan an Treoir seo a chur i bhfeidhm, ar choinníoll go bhfuil bonn cirt le conradh aonair a dhámhachtain ar fhorais oibiachtúla;

(b) i gcás ina gcumhdaítear cuid de chonradh ar leith le Treoir 2009/81/CE, féadfar an conradh a dhámhachtain i gcomhréir leis an Treoir seo, ar choinníoll go bhfuil bonn cirt le conradh aonair a dhámhachtain ar chúiseanna oibiachtúla. Beidh an pointe seo gan dochar do na tairseacha agus do na heisiaimh dá bhforáiltear sa Treoir sin.

Ní fhéadfar, áfach, an cinneadh a dhéanamh conradh aonair a dhámhachtain d’fhonn conarthaí a eisiamh ó chur i bhfeidhm na Treorach seo nó Threoir 2009/81/CE.

3. Beidh feidhm ag pointe (a) den tríú fomhír de mhír 2 maidir le conarthaí measctha a bhféadfadh feidhm a bheith ag pointe (a) agus pointe (b) den fhomhír sin maidir leo murach sin.

4. I gcás ina bhfuil na codanna éagsúla de chonradh ar leith doscartha go hoibiachtúil, féadfar an conradh a dhámhachtain gan an Treoir seo a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil gnéithe ann a thagann faoi chur i bhfeidhm Airteagal 346 CFAE; seachas sin, féadfar é a dhámhachtain i gcomhréir le Treoir 2009/81/CE.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

14 Foráiltear le hAirteagal 18 de Threoir 2014/24, dar teideal ‘Prionsabail an tsoláthair’, i mír 2 de:

‘Déanfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun a áirithiú, i bhfeidhmiú conarthaí poiblí, go gcomhlíonfaidh oibreoirí eacnamaíocha na hoibleagáidí is infheidhme i réimsí an dlí comhshaoil, shóisialta agus saothair arna mbunú le dlí an Aontais, leis an dlí náisiúnta, le comhaontuithe comhchoiteanna nó leis na forálacha idirnáisiúnta maidir leis an dlí comhshaoil, sóisialta agus saothair a liostaítear in Iarscríbhinn X.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

15 Foráiltear le hAirteagal 67 den Treoir sin, dar teideal ‘Critéir dámhachtana conartha’, mar seo a leanas:

‘1. Gan dochar do dhlíthe, do rialacháin nó d’fhorálacha riaracháin náisiúnta a bhaineann le praghas soláthairtí áirithe nó le luach saothair seirbhísí áirithe, bunóidh údaráis chonarthacha dámhachtain conarthaí poiblí ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch.

2. Déanfar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch ó thaobh an údaráis chonarthaigh de a shainaithint ar bhonn an phraghais nó an chostais, agus úsáid á baint as cur chuige costéifeachtúlachta, […] agus féadfar an cóimheas is fearr idir praghas agus caighdeán a áireamh inti, a dhéanfar a mheasúnú ar bhonn critéar, lena n-áirítear gnéithe cáilíochtúla, comhshaoil agus/nó sóisialta, atá nasctha le hábhar an chonartha phoiblí atá i gceist. Is féidir na critéir seo a leanas a bheith ann, mar shampla:

(a) caighdeán, lena n-áirítear fiúntas teicniúil, saintréithe aeistéitiúla agus feidhmiúla, inrochtaineacht, dearadh do na húsáideoirí uile, saintréithe sóisialta, comhshaoil agus nuálacha agus trádáil agus coinníollacha na trádála sin;

(b) eagrúchán, cáilíochtaí agus taithí na mball foirne a shanntar chun an conradh a chomhlíonadh, i gcás inar féidir le caighdeán na mball foirne a shanntar tionchar suntasach a imirt ar leibhéal chomhlíonadh an chonartha; nó

(c) seirbhís iardhíola, cúnamh teicniúil agus coinníollacha seachadta amhail dáta seachadta, próiseas seachadta agus tréimhse soláthair nó tréimhse críochnaithe.

Féadfaidh an ghné chostais a bheith i bhfoirm praghais sheasta nó costais sheasta freisin ar ar a bhonn a bheidh oibreoirí eacnamaíocha in iomaíocht de réir critéir chaighdeáin amháin.

Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach bhféadfaidh údaráis chonarthacha praghas ná costas amháin a úsáid mar an t-aon chritéar dámhachtana amháin nó a n-úsáid a shrianadh do chatagóirí áirithe údarás conarthach nó do chineálacha áirithe conarthaí.

3. Measfar critéir dhámhachtana a bheith nasctha le hábhar an chonartha phoiblí i gcás ina mbaineann siad leis na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí atá le soláthar faoin gconradh sin ar aon bhealach agus ag aon chéim dá saolré, lena n-áirítear gnéithe a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) próiseas sonrach táirgthe, soláthair nó trádála na n-oibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí sin; nó

(b) próiseas sonrach le haghaidh céim eile dá saolré,

fiú i gcás nach cuid dá n-ábhar ábhartha iad na gnéithe sin.

4. Ní bheidh sé d'éifeacht ag critéir dhámhachtana saoirse rogha neamhshrianta a thabhairt don údarás conarthach. Áiritheoidh siad go bhféadfar iomaíocht éifeachtach a bheith ann agus beidh sonraíochtaí ag gabháil leo lena bhféadfar an fhaisnéis a sholáthraíonn na tairgeoirí a fhíorú go héifeachtach chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith agus a ndéanann na tairiscintí na critéir dhámhachtana a chomhlíonadh. [...]

[...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na hIodáile

16 Maidir le hAirteagal 50(1) de decreto legislativo n. 50 – Codice dei contratti pubblici (Foraithne Reachtach Uimh. 50 maidir leis an gCód Soláthair Phoiblí) an 18 Aibreán 2016 (GURI Uimh. 91 an 19 Aibreán 2016, Gnáthfhorlíonadh Uimh. 10), sa leagan is infheidhme maidir leis an gcás sna príomhimeachtaí ('an Cód Soláthair Phoiblí'):

'I gcás dámhachtain conarthaí lamháltais agus conarthaí oibreacha agus seirbhísí seachas conarthaí de chineál intleachtúil, go háirithe iad siúd sin a bhaineann le conarthaí dlúthshaothair, ní mór a bheith san áireamh sna glaonna ar thairiscintí, sna fógraí conartha agus sna cuirí, i gcomhréir le prionsabail an Aontais Eorpaigh, clásail shóisialta shonracha atá ceaptha chun cobhsaíocht fhostaíocht na foirne atá fostaithe a chur chun cinn, trí fhoráil a dhéanamh go gcuirfidh an tairgeoir comhaontuithe comhchoiteanna na hearnála i bhfeidhm [...] Is éard is seirbhísí dlúthshaothair ann na seirbhísí sin inarb ionann an costas saothair agus 50 % ar a laghad de luach iomlán an chonartha.'

17 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 95 den Chód Soláthair Phoiblí:

'1. Ní thugtar cumhacht rogha neamhtheoranta leis na critéir dhámhachtana don údarás conarthach maidir leis an tairiscint. Áiritheoidh siad go bhféadfar iomaíocht éifeachtach a bheith ann agus beidh sonraíochtaí ag gabháil leo lena bhféadfar an fhaisnéis a sholáthraíonn na tairgeoirí a fhíorú go héifeachtach chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith agus a ndéanann na tairiscintí na critéir dhámhachtana a chomhlíonadh. Fíoróidh na húdaráis chonarthacha cruinneas na faisnéise agus na fianaise a sholáthróidh tairgeoirí.

2. Gan dochar do dhlíthe, do rialacháin nó d'fhorálacha riaracháin a bhaineann le praghas soláthairtí áirithe nó le luach saothair as seirbhísí sonracha, déanfaidh údaráis chonarthacha, i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na córa comhionainne, conarthaí a dhámhachtain agus comórtais agus glaonna ar thionscadail a eagrú ar

bhonn chritéar na tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch, a chinnfear ar bhonn an chóimheasa is fearr idir praghas agus caighdeán nó ar bhonn ghné an phraghais nó an chostais, ar bhonn critéar costéifeachtúlachta amhail costáil saolré [...]

3. Dámhfar an méid seo a leanas go heisiach ar bhonn chritéar na tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch ar bhonn an chóimheasa is fearr idir praghas agus caighdeán:

(a) conarthaí a bhaineann le seirbhísí sóisialta lónadóireachta in ospidéil, in ionaid chúraim agus i scoileanna, chomh maith le seirbhísí dlúthshaothair, mar a shainmhínítear in Airteagal 50(1), gan dochar do dhámhachtainí de réir bhrí Airteagal 36(2)(a);

(b) conarthaí a bhaineann le seirbhísí innealtóireachta agus ailtireachta agus seirbhísí eile de chineál teicniúil agus intleachtúil a dhámhachtain de mhéid EUR 40 000 nó níos mó;

— conarthaí seirbhíse agus soláthair de mhéid EUR 40 000 nó níos mó agus a bhfuil ábhar teicneolaíoch suntasach nó cineál nuálach mar shaintréith acu.

4. Féadfar critéar an phraghais is ísle a úsáid:

[...]

(b) i gcás seirbhísí agus soláthairtí a bhfuil saintréithe caighdeánaithe acu nó a bhfuil a dtéarmaí agus coinníollacha sainithe sa chonradh, cé is moite de sheirbhísí dlúthshaothair dá dtagraítear i mír 3(a);

[...]'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

18 An 14 Iúil 2022, sheol an Aireacht Cosanta nós imeachta oscailte chun conradh seirbhíse poiblí a dhámhachtain chun críocha arm na hIodáile arb é atá ann, go bunúsach, oibríochtaí luchtaithe agus díluchtaithe, ábhar a chruachadh agus a dhíchruachadh comhdhéanamh agus ábhar a bhogadh. Roinneadh an conradh sin, lena gcumhdaítear an bhliain 2023 agus a bhí in-athnuaite ar feadh 3 bliana, ina 9 mbaisc.

19 Leagadh síos sa ghlao ar thairiscintí atá i gceist sna príomhimeachtaí an critéar go ndéanfaí an conradh a dhámhachtain ar bhonn an phraghais is ísle, ar an bhforas go raibh saintréithe caighdeánaithe ag na seirbhísí a chumhdaítear leis an gconradh sin, de réir bhrí Airteagal 95(4)(b) den Chód Soláthair Phoiblí.

20 Sonraíodh sa ghlao sin ar thairiscintí gur cheart, agus an conradh céanna á chomhlíonadh, tuarastail a íoc i gcomhréir le comhaontú comhchoiteann na hearnála. Dá bhrí sin, ní fhéadfadh na tairgeoirí lascainí ar chostais saothair a thairiscint. B'éigean baint a bheith ag aon lascaine fhéideartha go heisiach leis an luach saothair as an tseirbhís, ionas nár laghdaíodh leis an gcomhartha tráchtála a moladh dá bhrí sin ach brabús féideartha an tairgeora agus ní tuarastail fhoireann an tairgeora.

21 I gcás ceann amháin de bhaisceanna an chonartha, a bhain le soláthar seirbhísí chun críocha Aeronautica Militare area nord (Aerfhórsa, ceantar thuaidh) agus a measadh – i bhfianaise na n-athnuachaintí a d'fhéadfaí a dhéanamh – a bheith cothrom le EUR 3 463 114.74, thairg triúr tairgeoirí, lena n-áirítear Mara agus Samir, lascaine 100 % ar an luach saothair as a gcuid seirbhísí. Sna himthosca sin, measadh go raibh tairiscintí na dtrí thairgeoir sin coibhéiseach. I ndeireadh na dála, bronnadh an bhaisc seo ar Mara trí chrannchur a dhéanamh.

22 Thug Samir caingean i gcoinne dhámhachtain na lascaine sin os comhair Tribunale amministrativo regionale per il Lazio (an Chúirt Réigiúnach Riaracháin, Lazio, an Iodáil), ag maíomh, *inter alia*, go raibh cur i bhfeidhm chritéar an phraghais is ísle contrártha leis an reachtaíocht is infheidhme.

23 Le breithiúnas an 11 Aibreán 2023, sheas an chúirt sin leis an gcaingean sin, ar an bhforas gur cheart, de bhun Airteagal 95(3)(a) den Chód Soláthair Phoiblí, an cóimheas is fearr idir praghas agus caighdeán a leagan síos mar chritéar dámhachtana conartha sa ghlao ar thairiscintí atá i gceist sna príomhimeachtaí. Ós rud é go gur seirbhísí dlúthshaothair iad na seirbhísí atá i gceist sna príomhimeachtaí, níor cheart feidhm a bheith ag Airteagal 95(4)(b) den Chód sin, ina dtagraítear do chritéar an phraghais is ísle chun conarthaí seirbhíse agus soláthair a bhfuil saintréithe caighdeánaithe acu a dhámhachtain.

24 Rinne Mara achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit, an Iodáil), arb í an chúirt a rinne an tarchur.

25 Leis an achomharc sin, maíonn Mara gur sháraigh Tribunale amministrativo regionale per il Lazio (an Chúirt Réigiúnach Riaracháin, Lazio) Airteagal 95(3)(a) den Chód Soláthair Phoiblí. Dar léi, ní féidir feidhm a bheith ag an bhforáil sin maidir le conradh, amhail an ceann atá i gceist sna príomhimeachtaí, a bhfuil saintréithe caighdeánaithe aige freisin, cé gur conradh dlúthshaothair é. Bhí an t-údarás conarthach ag brath i gceart ar Airteagal 95(4)(b) den Chód sin tríd an bpraghas is ísle a shocrú mar an critéar dámhachtana.

26 I gcás inar cheart don Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit) a mheas gur thuig Tribunale amministrativo regionale per il Lazio (an Chúirt Réigiúnach Riaracháin, Lazio) i gceart ó Airteagal 95 den Chód Soláthair Phoiblí nach féidir critéar an phraghais is ísle a úsáid chun conarthaí a dhámhachtain le haghaidh seirbhísí dlúthshaothair agus a bhfuil saintréithe caighdeánaithe acu ina theannta sin, áitíonn Mara go sáraíonn an tAirteagal sin dlí an Aontais.

27 Is fíor gur léir ó Threoir 2014/24 gurb é cuspóir na Treorach sin, *inter alia*, úsáid chritéar an chóimheasa is fearr idir praghas agus caighdeán a spreagadh chun conarthaí poiblí a dhámhachtain. Mar sin féin, trí oibleagáid a chur ar údaráis chonarthacha an critéar dámhachtana sin a leagan síos fiú i gcás ina bhfuil saintréithe caighdeánaithe ag an gconradh atá i gceist, chuaigh reachtas na hIodáile thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin de Threoir 2014/24 a bhaint amach agus, dá bhrí sin, sháraigh sé prionsabal na comhréireachta.

28 Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara gur léir ó léamh comhcheangailte ar Airteagal 95(3) agus (4) den Chód Soláthair Phoiblí gur cheart don ghlao ar thairiscintí a bhaineann leis an gconradh atá i gceist sna príomhimeachtaí, faoi dhlí na hIodáile atá i bhfeidhm, brath ar an gcritéar maidir leis an gcóimheas is fearr idir praghas agus caighdeán chun an conradh sin a dhámhachtain.

29 Mar sin féin, tá amhras ar an gcúirt sin maidir le húsáideacht an chritéir sin chun conradh a dhámhachtain a bhaineann le seirbhísí a bhfuil ardleibhéal minicíochhta mar shaintréithe acu agus nach bhfuil gnéithe inoiriúnaithe acu den chuid is mó. Ar chúiseanna maidir le barainneacht agus luas an nós imeachta soláthair phoiblí, d'fhéadfadh critéar an phraghais is ísle a bheith níos iomchuí don chineál sin soláthair seirbhísí a bhfuil saintréithe caighdeánaithe acu.

30 Sonraíonn an chúirt sin gur rialaigh a tionól iomlánach, atá inniúil chun prionsabail dlí a leagan síos, i mbreithiúnas Uimh. 8, a tugadh an 21 Bealtaine 2019, ar an ngaol idir Airteagal 95(3) agus (4) den Chód Soláthair Phoiblí sa chaoi go bhfuil sé i gceist le forchur an chritéir maidir leis an gcóimheas is fearr idir praghas agus caighdeán chun conarthaí seirbhíse dlúthshaothair a dhámhachtain oibrithe a chosaint agus, dá bhrí sin, nach mór conarthaí dlúthshaothair, eadhon na conarthaí sin arb ionann an costas saothair ina leith agus leath de luach iomlán an chonartha ar a laghad, a dhámhachtain ar bhonn an chritéir sin in aon chás, fiú má tá saintréithe caighdeánaithe acu.

31 Tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara go mbaintear amach cheana féin an cuspóir maidir le hoibrithe a chosaint, i gcás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí, leis an toirmeasc ar lascaine ar chostais saothair a thairiscint.

32 Sna himthosca sin, chinn an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

'An gcuirtear cosc le prionsabail na saoirse bunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar, atá leagtha amach in Airteagail 49 agus 56 [CFAE], chomh maith le prionsabal [de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le comhréireacht] agus Airteagal 67(2) de Threoir [2014/24] ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta náisiúnta maidir le soláthar poiblí, amhail an reachtaíocht Iodálach atá in Airteagal 95(3)(a) agus (4)(b) [den Chód Soláthair Phoiblí], agus in Airteagal 50(1) den [Chód sin], a eascraíonn freisin as prionsabal an dlí arna fhógairt ag Seisiún Iomlánach an Consiglio di Stato (an Chomhairle Stáit) i mbreithiúnas Uimh. 8 an 21 Bealtaine 2019, ar dá réir a gcuirtear toirmeasc ar an údarás conarthach foráil a dhéanamh, i gcás conarthaí poiblí le haghaidh seirbhísí a bhfuil saintréithe caighdeánaithe acu agus i gcás inar seirbhísí dlúthshaothair iad ag an am céanna, maidir leis an bpraghas is ísle a úsáid mar chritéar dámhachtana, fiú i gcás ina bhforáiltear sna rialacha maidir le glao ar thairiscintí don laghdú ar phréimh nó ar bhrabús ionchasach an ghnóthais amháin, gan dochar do na costais saothair?'

Nós imeachta os comhair na Cúirte

33 De bhun Airteagal 62(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais, chuir an Chúirt ceisteanna i gcomhair freagra i scríbhinn chuig na páirtithe agus chuig páirtithe leasmhara eile maidir le raon feidhme Threoir 2009/81 agus Threoir 2014/24. Thug Mara, Rialtas na hIodáile agus an Coimisiún Eorpach freagra ar na ceisteanna sin le barúlacha a taisceadh an 26 Samhain 2024, an 19 Samhain 2024 agus an 20 Samhain 2024 faoi seach.

An cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

Réamhbharúlacha

34 Ina mbarúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, luaigh na páirtithe sna príomhimeachtaí agus Rialtas na hIodáile go mbaineann na seirbhísí a chumhdaítear leis an gconradh poiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí, go páirteach, le láimhseáil lastaí armlóin agus pléascán. Is trealamh míleata iad na hearraí sin de réir bhrí Airteagal 1(6) de Threoir 2009/81.

35 Sa mhéid sin, d'fhéadfadh go mbeadh baint ag na seirbhísí sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 28 dá Thuairim, 'go díreach [le trealamh míleata]' de réir bhrí Airteagal 2(c) den Treoir sin. Go deimhin, d'fhéadfadh rochtain fhisiciúil ar an trealamh míleata atá sna lastaí sin a bheith i gceist le soláthar seirbhísí láimhseála lastais – a thagann, de réir uimhreacha tagartha CPV dá dtagraítear i mír 7 den bhreithiúnas seo, faoin deichiú catagóir seirbhísí dar teideal 'Seirbhísí tacaíochta agus cúnta iompair' dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin – chomh maith le rochtain ar fhaisnéis íogair áirithe a bhaineann leis an trealamh sin.

36 I bhfianaise a íogaire atá ceannacháin earraí agus seirbhísí i réimse na cosanta, a leagtar béim air in aithrisí 8 agus 9 de Threoir 2009/81, bunaítear creat reachtach sonrach leis an Treoir sin. Ní mór do chomhordú na nósanna imeachta um dhámachtain i dtaca le conarthaí poiblí sa réimse sin, mar is léir ó aithrisí 4, 6 agus 7 den Treoir sin, na ceanglais slándála a chomhlíonadh, agus ag an am céanna a fhágáil gur féidir costais a laghdú, thairis sin, go háirithe maidir le seirbhísí lóistíochta nó iompair agus stórála.

37 Mar gheall ar an sainiúlacht sin, eisiatar dámhachtain conarthaí poiblí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/81, de bhun Airteagal 15(1)(a) de Threoir 2014/24, ó raon feidhme na Treorach sin.

38 Sa chás seo, chuir na páirtithe sna príomhimeachtaí agus Rialtas na hIodáile in iúl nach n-áirítear trealamh míleata ach ar chuid de na lastaí atá faoi réir na seirbhísí láimhseála atá i gceist, de réir bhrí Airteagal 1(6) de Threoir 2009/81, cé go bhfuil earraí sna lastaí eile atá beartaithe d'arm na hIodáile ach nach bhfuil deartha ná oiriúnaithe chun críoch míleata. I bhfianaise na faisnéise sin, ar faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú, ní mór an conradh atá i gceist sna príomhimeachtaí a aicmiú mar chonradh 'measctha', sa mhéid go mbaineann sé le ceannacháin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/81 agus le ceannacháin a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/24 araon.

39 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil gach foráil in Airteagal 3 de Threoir 2009/81 agus in Airteagal 16 de Threoir 2014/24 atá beartaithe chun an Treoir is infheidhme maidir le conarthaí measctha den sórt sin a chinneadh.

40 Tá raon feidhme na bhforálacha sin éagsúil go páirteach. Go háirithe, cé go leagtar síos le hAirteagal 3 de Threoir 2009/81, i bprionsabal, oibleagáid ar an údarás conarthach an Treoir sin a chur i bhfeidhm maidir le conarthaí measctha den sórt sin, ní fhoráiltear le hAirteagal 16 de Threoir 2014/24 ach d'fhéidearthacht, faoi choinníollacha áirithe, Treoir 2009/81 a chur i bhfeidhm maidir leis na conarthaí sin.

41 Foráiltear le hAirteagal 3 de Threoir 2009/81 go ndéanfar conradh arb é is cuspóir dó oibreacha, soláthairtí nó seirbhísí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/81 agus a thagann go páirteach faoi raon feidhme Threoir 2004/18, a bhfuil Treoir 2014/24 curtha ina hionad anois, a dhámhachtain i gcomhréir le Treoir 2009/81, ar choinníoll go gcomhlíontar an ceanglas, a leagtar

amach i mír 1 den Airteagal sin, nach mór bonn cirt a thabhairt le conradh aonair a dhámhachtain ar fhorais oibiachtúla, agus an coinníoll, a leagtar amach i mír 3 den Airteagal sin, nach nglacfar an cinneadh conradh aonair a dhámhachtain d'fhonn an conradh lena mbaineann a eisiamh ó chur i bhfeidhm Threoir 2014/24.

42 Maidir le hAirteagal 16 de Threoir 2014/24, déantar idirdhealú idir conarthaí measctha i gcás ina bhfuil na codanna éagsúla 'indeighilte go hoibiachtúil' nó 'doscartha go hoibiachtúil'.

43 Ar an gcéad dul síos, maidir le conarthaí measctha, a bhfuil na codanna éagsúla díobh 'doscartha go hoibiachtúil', foráiltear le hAirteagal 16(4) de Threoir 2014/24 go bhféadfar conradh den sórt sin 'a dhámhachtain gan an Treoir [sin] a chur i bhfeidhm i gcás ina bhfuil gnéithe ann a thagann faoi raon feidhme Airteagal 346 CFAE' agus, 'seachas sin, féadfar é a dhámhachtain i gcomhréir le Treoir [2009/81]'.

44 Forchoimeádtar an chéad chás, a bhaineann le cur i bhfeidhm Airteagal 346 CFAE, i bhfianaise aithrisí 16, 17, 20 agus 27 de Threoir 2009/81, do chásanna ina sroicheann dámhachtain an chonartha atá i gceist leibhéal ceanglas slándála nó rúndachta den sórt sin nach mbeadh fiú forálacha sonracha na Treorach sin leordhóthanach chun leasanna bunúsacha slándála an Bhallstáit lena mbaineann a choimirciú. Níl aon rud sa chomhad a cuireadh faoi bhráid na Cúirte a thabharfadh le fios go dtagann cás den sórt sin chun cinn sa chás seo, agus is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé é sin a fhíorú, áfach.

45 Sa dara cás, a bhaineann le conarthaí measctha ina bhfuil codanna atá doscartha go hoibiachtúil nach bhfuil feidhm ag Airteagal 346 CFAE maidir leo, ceadaítear le hAirteagal 16(4) de Threoir 2014/24, ach ní cheanglaítear leis, dámhachtain an chonartha atá i gceist a dhéanamh i gcomhréir le Treoir 2009/81 agus, dá bhrí sin, fágtar faoin údarás conarthach é an conradh sin a dhámhachtain faoin gcóras a bunaíodh leis an Treoir sin nó faoin gcóras a bunaíodh le Treoir 2014/24.

46 Ar an dara dul síos, maidir le conarthaí measctha a bhfuil na codanna éagsúla díobh 'indeighilte go hoibiachtúil', ceadaítear le hAirteagal 16(2) de Threoir 2014/24 don údarás conarthach conarthaí ar leithligh a dhámhachtain do na codanna éagsúla sin, agus an Treoir is infheidhme maidir le gach conradh á cinneadh ar bhonn a saintréithe féin, nó conradh aonair a dhámhachtain, a bheidh fós 'measctha' dá bhrí sin.

47 É sin ráite, i gcás ina roghnaíonn an t-údarás conarthach Treoir 2009/81 a chur i bhfeidhm maidir leis an gconradh aonair sin, ní mór, faoi phointe (b) den tríú fomhír den mhír sin, bonn cirt a thabhairt lena chinneadh gan conarthaí ar leithligh a dhámhachtain 'ar chúiseanna oibiachtúla'. Mar sin féin, ní fhoráiltear don cheanglas sin i gcás ina roghnaíonn an t-údarás conarthach conradh aonair a dhámhachtain trí Threoir 2014/24 a chur i bhfeidhm.

48 Thairis sin, faoin gceathrú fomhír den mhír sin, ní fhéadfar an cinneadh a dhéanamh conradh aonair a dhámhachtain in ainneoin codanna den chonradh atá indeighilte go hoibiachtúil a bheith ann 'd'fhonn conarthaí a eisiamh ó chur i bhfeidhm [Threoir 2014/24] nó Threoir [2009/81]'.

49 Tá an ceanglas sin, murab ionann agus an ceanglas dá dtagraítear i mír 47 den bhreithiúnas seo, infheidhme freisin i gcás inar dámhadh an conradh aonair trí fhorálacha Threoir 2014/24 a chur i bhfeidhm. Ós rud é, ar an gcéad dul síos, gur ceanglas de mheon macánta ar thaobh an údaráis chonarthaigh é agus, ar an dara dul síos, nár cheart don cheanglas sin an t-éifeachtacht a bhaint

den cheanglas a leagtar síos sa tríú fomhír d'Airteagal 16(2) de Threoir 2014/24, ní mór a mheas go bhfuil an ceanglas sin sa cheathrú fomhír den mhír sin sáraithe i gcás, i bhfianaise na dtosca ábhartha uile, inar cosúil nach féidir cinneadh an údaráis chonarthaigh conradh aonair a thabhairt i gcrích a thuiscint ach amháin le rún an údaráis chonarthaigh sin cur i bhfeidhm Threoir 2009/81 nó Threoir 2014/24 a sheachaint.

50 Tá na rialacha easaontachta idir Treoir 2009/81 agus Treoir 2014/24 a leagtar síos in Airteagal 16 de Threoir 2014/24 níos déanaí agus, thairis sin, níos mionsonraithe ná na rialacha atá in Airteagal 3 de Threoir 2009/81. Dá bhrí sin, cuirtear in iúl in Airteagal 16 de Threoir 2014/24 rún reachtas an Aontais ar dháta glactha na Treorach sin agus ní mór é a chur i bhfeidhm chun dochair d'Airteagal 3(1) de Threoir 2009/81, a bhfuil raon feidhme éagsúil aige, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i míreanna 39 agus 40 dá Thuairim, ach nach mór a mheas go sáraítear é leis na forbairtí reachtacha a eascraíonn as Treoir 2014/24.

51 De réir na mbarúlacha a chuir Rialtas na hIodáile faoi bhráid na Cúirte, mheas an Aireacht Cosanta go raibh na codanna éagsúla den chonradh seirbhíse atá i gceist sna príomhimeachtaí indeighilte go hoibiachtúil, ach, mar gheall ar láimhseáil choimhdeachta lastaí, nár mhór iad a mheas mar chuid de chonradh aonair ar cheart é a thabhairt i gcrích trí fhorálacha Threoir 2014/24 a chur i bhfeidhm.

52 Mar a luaitear i mír 47 den bhreithiúnas seo, i gcás den sórt sin, níl feidhm ag an gcoinníoll a leagtar amach i bpointe (b) den tríú fomhír d'Airteagal 16(2) de Threoir 2014/24, ar dá réir nach mór 'go bhfuil bonn cirt le conradh aonair a dhámhachtain ar chúiseanna oibiachtúla'. Os a choinne sin, tá feidhm ag an gcoinníoll a leagtar amach sa cheathrú fomhír d'Airteagal 16(2) den Treoir sin, ar dá réir nach fhéadfar an cinneadh sin a dhéanamh 'd'fhonn conarthaí a eisiamh ó chur i bhfeidhm na Treorach [sin] nó Threoir [2009/81]'.

53 Dá bhrí sin, ní scrúdaíonn an Chúirt an cheist a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú maidir le léiriú Airteagal 67(2) de Threoir 2014/24 ach amháin faoi réir fíorú roimh ré, ag an gcúirt a rinne an tarchur, nár sáraíodh, sa chás seo, an ceanglas a leagtar síos sa cheathrú fomhír d'Airteagal 16(2) den Treoir sin.

Maidir le hAirteagal 67(2) de Threoir 2014/24 agus prionsabal na comhréireachta

54 Baineann an cheist a tharchuirtear, arna foirmliú ag an gcúirt a rinne an tarchur, le léiriú Airteagail 49 agus 56 CFAE, Airteagal 67(2) de Threoir 2014/24 agus prionsabal na comhréireachta.

55 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go bhfuil sé i gceist leis an gceist sin a chur ar chumas na cúirte a rinne an tarchur measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht forálacha áirithe den Chód Soláthair Phoiblí le dlí an Aontais. Tá comhthuiscint ann go dtrasuitear Treoir 2014/24 i ndlí na hIodáile leis an gCód sin.

56 Ar an dara dul síos, leanann sé ó na fíorais a leagtar amach san iarraidh ar réamhrialú agus a bhfuil achoimre déanta orthu i mír 21 den bhreithiúnas seo go sáraítear le luach measta an chonartha atá i gceist sna príomhimeachtaí an tairseach a leagtar síos in Airteagal 4 den Treoir sin chun go mbeidh an Treoir sin infheidhme.

57 Ar an tríú dul síos agus ar deireadh, is léir ón iarraidh sin go mbaineann ábhar na díospóide sna príomhimeachtaí leis an gcumhacht dá bhforáiltear sa tríú fomhír d'Airteagal 67(2) den Treoir sin toirmeasc a chur ar úsáid an '[phraghais] [...] mar an t-aon chritéar dámhachtana amháin ' – critéar an 'phraghais is ísle', sna focail a úsáideann an chúirt a rinne an tarchur – agus ar oibleagáid na mBallstát prionsabal na comhréireachta a chomhlíonadh i gcás ina bhfeidhmítear an rogha sin.

58 Sna himthosca sin, is gá agus is leor scrúdú a dhéanamh ar an gceist a tharchuirtear i bhfianaise Threoir 2014/24 agus phrionsabal na comhréireachta (féach, de réir analaí, breithiúnas an 4 Meitheamh 2020, *Asmel*, C-3/19, EU:C:2020:423, míreanna 44 go 48).

59 Dá bhrí sin, ní mór a mheas, lena ceist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gá Airteagal 67(2) de Threoir 2014/24 agus prionsabal na comhréireachta a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta faoina bhfuil toirmeasc ar an údarás conarthach, i gcás conarthaí poiblí le haghaidh seirbhísí a bhfuil saintréithe caighdeánaithe acu ach arb ionann a luach iomlán agus leath na gcostas saothair ar a laghad, an praghas a úsáid mar an t-aon chritéar amháin chun conarthaí den sórt sin a dhámhachtain, fiú i gcás ina bhforáiltear leis an nglao ar thairiscintí nach mór aon lascaine a thairgeann tairgeoir a dhéanamh ar luach saothair na seirbhísí sin amháin, gan bheith in ann luach saothair na n-oibrithe atá fostaithe ag an tairgeoir sin a laghdú.

60 Mar is léir ó na mínithe a thug an chúirt a rinne an tarchur, tá 'saintréithe caighdeánaithe' ag na seirbhísí láimhseála a chumhdaítear leis an gconradh poiblí atá i gceist sna príomhimeachtaí, de réir bhrí reachtaíocht na hIodáile, ós rud é gur cúraimí atriallacha agus neamhtheicniúla iad na seirbhísí sin. Measann an chúirt sin freisin go bhfuil na cúraimí sin de láimh den chuid is mó, agus mar thoradh air sin gur 'seirbhísí dlúthshaothair' iad na seirbhísí atá i gceist sna príomhimeachtaí, de réir bhrí na reachtaíochta sin, is é sin le rá, gurb ionann na costais saothair agus leath de mhéid iomlán an chonartha ar a laghad.

61 Chun a chinneadh an dtagann conarthaí poiblí le haghaidh seirbhísí den sórt sin lasmuigh de raon feidhme na rogha, a dheonaítear do na Ballstáit leis an tríú fomhír d'Airteagal 67(2) de Threoir 2014/24, toirmeasc a chur ar phraghas a úsáid mar an t-aon chritéar amháin chun na conarthaí sin a dhámhachtain, ba cheart a thabhairt faoi deara ag an tús nach dteorannaítear leis an bhforáil sin an rogha dá bhforáiltear san fhoráil sin do chonarthaí a bhaineann le cineálacha sonracha earraí nó seirbhísí agus nach bhfuil aon eisceacht ná maolú ar an rogha sin inti. Ar bhonn níos ginearálta, ní fhágann sé go bhfuil an fhéidearthacht toirmeasc a chur ar úsáid an phraghais mar an t-aon chritéar amháin chun conradh a dhámhachtain faoi réir aon choinníoll a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 46 dá Thuairim, is léir ó fhoclaíocht na forála sin go dtugann sí lánrogha leathan do na Ballstáit.

62 Tacaítear le scéim Airteagal 67 den Treoir sin, ina hiomláine, leis an lánrogha leathan sin a bheith ann.

63 Go deimhin, ceanglaítear le mír 1 den Airteagal sin ar údaráis chonarthacha a ndámhachtain conarthaí poiblí a bhunú ar an tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch. Luaitear ann, i mír 2, nach mór an tairiscint sin a chinneadh ar bhonn cur chuige costéifeachtachta agus foráiltear go sainráite ann, sa chéad fhomhír den mhír sin, go bhféadfaí an tairiscint sin a chinneadh ar bhonn an chóimheasa is fearr idir praghas agus caighdeán.

64 Is éard atá i gceist le rogha an chur chuige sin critéir dhámhachtana a leagan síos lena n-áirítear ní hamháin an praghas ach gnéithe cáilíochtúla freisin a bhaineann le hábhar an chonartha phoiblí lena mbaineann. Chun go measfar na gnéithe cáilíochtúla sin a bheith nasctha le hábhar an chonartha phoiblí, is leor, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal sin, go mbaineann siad leis na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí atá le soláthar faoin gconradh sin ar aon bhealach agus ag aon chéim dá saolré.

65 Dá bhrí sin, is léir ó léamh foriomlán ar Airteagal 67 de Threoir 2014/24 nach bhfuil sé d'éifeacht ag tabhairt isteach toirmisc, ag Ballstát, ar údaráis chonarthacha praghas a úsáid mar an t-aon chritéar amháin chun conradh poiblí a dhámhachtain, eisceacht a thabhairt isteach, agus an Treoir sin á cur chun feidhme, ar riail a bhfuil raon feidhme éagsúil aici. Is í an t-aon éifeacht amháin atá le feidhmiú na rogha dá bhforáiltear sa tríú fomhír de mhír 2 den Airteagal sin ag Ballstát go ndéantar, ar chríoch an Bhallstáit sin, an fhéidearthacht a thugtar leis an gcéad fhomhír de mhír 2 d'údaráis chonarthacha critéir a úsáid lena n-áirítear gnéithe cáilíochtúla a ionadú le hoibleagáid ar na húdaráis sin critéar amháin nó níos mó den sórt sin a áireamh i nglaonna ar thairiscintí.

66 Tacaítear freisin leis an lánrogha leathan atá ag na Ballstáit agus an rogha sin á húsáid acu le cuspóir Threoir 2014/24. Mar is léir ó aithrisí 89, 90 agus 92 den Treoir sin, bhí sé beartaithe ag reachtas an Aontais an coincheap 'tairiscint is buntáistí go heacnamaíoch' a cheangal go príomha leis an gcoincheap 'cóimheas is fearr idir praghas agus caighdeán'. Cé gur luaigh sé, in éagmais reachtaíocht náisiúnta, go bhfuil sé fós faoi na húdaráis chonarthacha an praghas nó an costas a úsáid mar an t-aon chritéar amháin chun conradh poiblí a dhámhachtain, mheas reachtas an Aontais gur ghá, chun díriú níos mó ar chaighdeán i gcás soláthar poiblí a spreagadh, cead a thabhairt do na Ballstáit úsáid an chritéir praghais nó costais a thoirmeasc nó a shrianadh chun conradh poiblí a dhámhachtain amháin. Ba cheart údaráis chonarthacha a spreagadh chun critéir dhámhachtana a roghnú a chuirfidh ar a gcumas oibreacha, soláthairtí agus seirbhísí ardchaighdeáin a fháil a oireann go barrmhaith dá riachtanais.

67 Maidir le prionsabal na comhréireachta, ar prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é, ceanglaítear leis nach rachaidh na rialacha arna leagan síos ag na Ballstáit nó ag na húdaráis chonarthacha i gcomhthéacs chur chun feidhme fhorálacha Threoir 2014/24 thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí a shaothraítear leis an Treoir sin a bhaint amach (breithiúnais an 30 Eanáir 2020, *Tim*, C-395/18, EU:C:2020:58, mír 45, agus an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Conacee*, C-598/19, EU:C:2021:810, mír 42).

68 Sháródh feidhmiú na rogha dá bhforáiltear sa tríú fomhír d'Airteagal 67(2) de Threoir 2014/24 prionsabal na comhréireachta dá gcinnfeadh Ballstát úsáid praghais nó costais a thoirmeasc mar an t-aon chritéar dámhachtana amháin le haghaidh cineál conartha phoiblí de chineál a fhágann go bhfuil sé dodhéanta nó ródheacair critéir a chinneadh lena bhféadfar idirdhealú a dhéanamh, ó thaobh na cáilíochta de, idir na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí dá bhforáiltear i dtairiscintí na dtairgeoirí.

69 Sa chás seo, is cosúil go bhfuil riail amhail an riail a leag reachtas na hIodáile síos, ar dá réir nach mór conarthaí poiblí le haghaidh seirbhísí dlúthshaothair, fiú má tá 'saintréithe caighdeánaithe' acu, a dhámhachtain ar bhonn chritéar na tairisceana is buntáistí go heacnamaíoch ar bhonn an chóimheasa is fearr idir praghas agus caighdeán, in ainneoin go dtagraíonn an riail sin do sheirbhísí de chineál neamhtheicniúil, i gcomhréir leis an Treoir sin agus le prionsabal na comhréireachta.

70 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara i mír 56 dá Thuairim, d'fhéadfadh roinnt gnéithe cáilíochtúla, amhail eagrú agus taithí na foirne a shanntar chun seirbhísí den sórt sin a dhéanamh, tionchar a imirt ar cháilíocht chomhlíonadh na gconarthaí agus, dá bhrí sin, ar luach eacnamaíoch na dtairiscintí. Sna himthosca sin, níl sé dodhéanta ná ródheacair idirdhealú cáilíochtúil a dhéanamh idir na seirbhísí dá bhforáiltear i dtairiscintí na dtairgeoirí.

71 Ní chuirtear an léiriú sin ó bhail toisc go bhfuil oibleagáid ar na húdaráis chonarthacha ar a bhfuil reachtaíocht náisiúnta amhail an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí dírithe an riail a chur san áireamh ina nglaonna ar thairiscintí nach mór d'aon lascaine a thairgeann tairgeoir a bheith bainteach go heisiach leis an luach saothair as na seirbhísí a sholáthraíonn an tairgeoir sin agus ní le luach saothair na n-oibrithe atá fostaithe ag an tairgeoir sin. Ós rud é go bhforáiltear dó leis an dlí, ní mór do gach tairgeoir an toirmeasc sin ar lascaine a thairiscint a bhféadfadh laghdú ar luach saothair oibrithe a bheith mar thoradh air a chomhlíonadh go cothrom. Ós rud é nach féidir tairiscintí a chur i gcomparáid le chéile le toirmeasc den sórt sin, is gá fós, i bhfianaise Airteagal 67(4) de Threoir 2014/24, lena gceanglaítear, arna léamh i gcomhar le haithris 90 den Treoir sin, critéir dhámhachtana a leagan síos lena ráthaítear go bhféadfaí fíoriomaíocht a bheith ann agus, dá bhrí sin, comparáid a dhéanamh idir tairiscintí (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Meán Fómhair 2018, *Montte*, C-546/16, EU:C:2018:752, mír 31), chun an dámhachtain a bhunú ar chritéir, nach mbaineann leis an toirmeasc sin, lena gceadaítear comparáid a dhéanamh idir tairiscintí. Mar is léir ón mír roimhe seo den bhreithiúnas seo, d'fhéadfadh socrú critéar bunaithe ar ghnéithe cáilíochtúla a bheith iomchuí chun na críche sin agus, dá bhrí sin, ní féidir a mheas go bhfuil sé díréireach.

72 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar an gceist a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 67(2) de Threoir 2014/24 agus prionsabal na comhréireachta a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear toirmeas ar an údarás conarthach, i gcás conarthaí poiblí le haghaidh seirbhísí a bhfuil saintréithe caighdeánaithe acu ach arb ionann a luach iomlán agus leath na gcostas saothair ar a laghad, an praghas a úsáid mar an t-aon chritéar amháin chun na conarthaí sin a dhámhachtain. Ní bhaineann sé le hábhar i ndáil leis sin go bhforáiltear leis an nglao ar thairiscintí nach mór aon lascaine a thairgeann tairgeoir a dhéanamh ar luach saothair na seirbhísí sin amháin, gan bheith in ann luach saothair na n-oibrithe atá fostaithe ag an tairgeoir sin a laghdú.

Costais

73 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a cuireadh faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Tríú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 67(2) de Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, agus go háirithe prionsabal na comhréireachta,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leo ar reachtaíocht náisiúnta lena gcuirtear toirmeasc ar an údarás conarthach, i gcás conarthaí poiblí le haghaidh seirbhísí a bhfuil saintréithe caighdeánaithe acu ach arb ionann a luach iomlán agus leath na gcostas saothair ar a laghad, an praghas a úsáid mar an t-aon chritéar amháin chun na conarthaí sin a dhámhachtain. Ní bhaineann sé le hábhar i ndáil leis sin go bhforáiltear leis an nglao ar thairiscintí nach mór aon lascaine a thairgeann tairgeoir a dhéanamh ar luach saothair na seirbhísí sin amháin, gan bheith in ann luach saothair na n-oibrithe atá fostaithe ag an tairgeoir sin a laghdú.

[Sínithe]